



CATT – PÁIPÉAR (15) – CR

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

AN FICHIÚ CRUINNIÚ IOMLÁNACH

CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

5 MEITHEAMH 2015

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an Fichiú Cruinniú Iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath an 5 Meitheamh 2015.
2. Ba é an Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh TD a bhí i gceannas ar Rialtas na hÉireann agus a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Ba iad an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MLA agus an tAire Airgeadais, Arlene Foster MLA a bhí i gceannas ar Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an dá thoscaireacht i gceangal leis seo mar larscríbhinn.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS AGUS GEILLEAGRACHA

3. Rinneadh plé ar na dúshláin atá roimh an dá rialtas agus ar na beartais atá á gcur i ngníomh chun tacú le fás eacnamaíoch, poist a chruthú agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú. Pléadh mar chuid de seo infheistíocht dhíreach choigríche agus comhoibriú chun naisc thrádála a chruthú le margáí ríthábhachtacha atá i mbun forbartha.

DEISEANNA MAIDIR LE MAOINIÚ Ó AE

4. Thug na hAirí dá n-aire na pléití a bhí ann in earnálacha uile CATT i ndáil leis na deiseanna atá ann chun maoiniú a fháil ó AE agus i ndáil le cláir ábhartha a aithint atá ar fáil le haghaidh iarratais ar mhaoiniú comhoibríoch. Chomhaontaigh na hAirí go leanfaidís d'iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna agus ar dhul chun cinn maidir le maoiniú comhoibríoch ó AE a íostarraingt i ngach earnáil ábhartha de chuid CATT.
5. Fáiltíodh roimh an gceadú a thug an Coimisiún Eorpach maidir le Clár INTERREG V agus bhí an Chomhairle ag súil le Clár PEACE IV a bheith curtha i gcrích go luath.
6. Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn maith is cosúil atá déanta ó thaobh an chomhspríoc de €175 mhilliún a bhaint amach maidir le híostarraingt chomhoibríoch trasteorann faoin gclár, Fís 2020, agus roimh obair InterTradelreland agus an Ghrúpa Stiúrtha Uile-Oileáin maidir le feasacht ar an gclár a chothú.
7. Chomhaontaigh na hAirí go gcuirfí an Chomhairle ar an eolas is déanaí faoi dheiseanna maidir le maoiniú ó AE ag an gcéad Ollchruinniú eile.

TOSAÍOCHTAÍ EARNÁLA

8. Thug an Chomhairle dá haire gur pléadh Tosaíochtaí Earnála ag an gCruinniú Institiúideach de chuid CATT a tionóladh an 25 Feabhra 2015 agus go mbeidh “Tosaíochtaí Nua Earnála” mar chuid den chlár ag Cruinnithe Institiúideacha amach anseo.
9. Thug an Chomhairle dá haire freisin an cinneadh a comhaontaíodh ag an gCruinniú Institiúideach de chuid CATT go ndéanfaidh Airí athbhreithniú ar a gCláir Oibre reatha agus go n-iarrfar formhuiniú ar aon athruithe ag Ollchruinniú de chuid CATT amach anseo.
10. Chomhaontaigh na hAirí go ndéanfar athbhreithniú gníomhach ar cheist na dtosaíochtaí earnála agus ar an athbhreithniú reatha atá á dhéanamh ar Chláir Oibre.

SMUIGLEÁIL TRASTEORANN AGUS SCIÚRADH BREOSLA TRASTEORANN

11. Rinne na hAirí plé fairsing ar an smuigleáil trasteorann agus ar an sciúradh breosla trasteorann. Tarraingíodh anuas an cheist cheana ag Ollchruinnithe eile de chuid CATT agus ag cruinnithe Comhshaoil, Talmhaíochta agus Iompair de chuid CATT a tionóladh le déanaí. Thug na hAirí dá n-aire na hiarrachtaí atá fós á dhéanamh ag an dá rialtas chun dul i ngleic leis an bhfadhb thromchúiseach seo agus thug siad dá n-aire gur tugadh isteach an marcóir nua breosla sa dá dhlínse.

12. Thug an Chomhairle dá haire go bhfuiltear imníoch faoin gceist seo in AE chomh maith. Bhí comhfhreagras idir an Coimisinéir um an gComhshaol, Gnóthaí Muirí agus lascach agus na hAirí Comhshaoil, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, maidir leis na forbairtí agus na gníomhartha is déanaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.
13. D'aithin an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le comhoibriú is dlúithe idir gníomhaireachtaí maidir le smuigleáil trasteorann agus sciúradh breosla trasteorann a láimhseáil agus a chomhrac agus comhaontaíodh go bpléifí an t-ábhar arís ag cruinniú amach anseo.

TIONSCNAMH NA TAIRÍS THUAR THUAIDH

14. Thug an Chomhairle dá haire an caidreamh atá ag oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ó Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire le geallsealbhóirí maidir le Tionscnamh na Tairsí Thiar Thuaidh a fhorbairt amach anseo agus na pléití atá á ndéanamh ar shocruithe chun cruinniú a thionól idir Airí ábhartha san Iarthuaisceart.
15. Thug an Chomhairle dá haire chomh maith an obair atá á déanamh faoi láthair ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Dúiche an tSratha Báin chun comhshocraíochtaí trasteorann nua, comhoibríocha a fhorbairt ag leibhéal an rialtais áitiúil chun forbairt réigiún an Iarthuaiscirt a chur chun cinn de réir aidhmeanna Thionscnamh na Tairsí Thiar Thuaidh.
16. Thug na hAirí dá haire gurb é aidhm na gcomhshocraíochtaí seo comhoibriú trasteorann a bhunú san Iarthuaisceart ar bhonn is foirmiúla laistigh de struchtúir atá á stiúradh ag an rialtas; agus go gcumasófar leo treo agus tosaíochtaí an réigiúin amach anseo a fhorbairt i gcomhar leis an rialtas láir agus le geallsealbhóirí eile.
17. Thug na hAirí dá n-aire chomh maith an obair atá ag dul ar aghaidh ar bhóthar an A5.

BOIRD NA gCOMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE THUAIDH THEAS AGUS THURASÓIREACHT ÉIREANN

18. Thug an Chomhairle dá haire go ndeachaigh an Chomhrúnaíocht, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinneadh ag an gCruinniú Institiúideach de chuid CATT an 25 Feabhra 2015, i gcomhairle le Ranna Coimircíochta agus le comhaltaí Boird de chuid na gComhlachtaí Forfheidhmithe agus Thurasóireacht Éireann Teoranta maidir leis an togra chun téarmaí reatha ceapacháin Comhaltaí Boird a leathnú ar feadh 12 mhí. Tá an comhairliúchán seo fós ar siúl faoi láthair.
19. Chomhaontaigh an Chomhairle go ndéanfar cinntí maidir le ceapacháin chuig Boird sula rachaidh téarmaí oifige chomhaltaí reatha na mBord in éag i mí na Nollag, 2015.

TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN

20. Thug an Chomhairle dá haire an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a d'ullmhaigh Comhrúnaithe CATT maidir le hobair na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus maidir leis na réimsí eile comhoibrithe de chuid CATT agus d'fháiltigh sí roimh na príomhfhorbairtí seo a leanas:

- Táthar ag leanúint den chomhoibriú maidir le ceisteanna lompair a bhaineann le AE. Thug na hAirí dá n-aire ag an gcruinniú a bhí acu i mí Aibreáin, 2015 an deis atá ann próiseas iarratais an Ghréasáin lompair Thras-Eorpaigh a neartú trí theimpléid Ráitis Comhoibrithe a fhorbairt a bheidh mar thacú le hiarratais tionscadail. Thug na hAirí dá n-aire freisin an seasamh maidir le cláir INTERREG lena n-áirítear an leasú chun dáta a rinneadh ar an maoiniú faoi INTERREG IV don uasghrádú ar sheirbhís *Enterprise* idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath agus do na hoibreacha ar Tharbhealach Dhroichead Átha.
- Ag an gCruinniú Sláinte agus Sábháilteachta Bia de chuid CATT a tionóladh in Ospidéal Ceantair Allt Mhic Dhuibhleacháin an 15 Aibreán 2015 phléigh na hAirí an comhoibriú atá ag dul ar aghaidh san earnáil cúraim sláinte. D'fháiltigh siad roimh an gcur i láthair a thug ionadaithe ó lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an Iarthair faoin Aonad Radaiteiripe. Bhí deis acu an obair thógála atá ar siúl ar an Aonad a fheiceáil agus dúradh leo go bhfuiltear ag súil go mbeidh an obair seo curtha i gcrích laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh.
- Ag an gCruinniú Talmhaíochta de chuid CATT an 25 Feabhra 2015 thug na hAirí dá n-aire na forbairtí a rinneadh le déanaí maidir le pleananna chun athchóirithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta a comhaontaíodh in 2013 a chur i ngníomh, lena n-áirítear bearta riaracháin le haghaidh Scéimeanna Iocaíochta Dírí.
- Reáchtáladh mórchomhdháil idirnáisiúnta in Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin a bhí bunaithe ar an téama “Cumasú Oideachais” agus a bhí dírithe ar ghairmithe agus ar thuismitheoirí a bhfuil uathachas ar a bpáistí. D'oscail an bheirt Airí Oideachais an ócáid, ar fhreastail breis is míle toscaire uirthi, agus bhí cainteoirí iomráiteacha as gach cearn den domhan i láthair. Tá dul chun cinn fós á dhéanamh ag an dá Roinn agus ag an Ionad maidir lena éascú don Ionad an réimse seirbhísí dá chuid a leathnú.
- Ag an gCruinniú Comhshaoil de chuid CATT an 13 Bealtaine 2015 cuireadh na hAirí ar an eolas is déanaí maidir leis an gclár aisdúichithe dramhaíola a comhaontaíodh i leith 2015 ar faoi a thabharfar aghaidh ar dhá láithreán líonta talún. Pléadh ceist an sciúrtha breosla agus chuir na hAirí a gcuid imní in iúl faoi éifeachtaí an sciúrtha breosla agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú is dlúithe idir gníomhaireachtaí chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

- Ag an gcruinniú a bhí acu i mí Eanáir, 2015 thug na hAirí dá n-aire na struchtúir éagsúla thacaíochta a chruthaigh InterTradelreland chun cabhrú leis an sprioc de €175 mhilliún a bhaint amach a comhaontaíodh le haghaidh iarratais trasteorann faoin gClár Taighde agus Nuálaíochta, Fís 2020. Thug na hAirí dá n-aire chomh maith gur dhearfach iad na torthaí go dtí sin: 45 iarratas trasteorann ar an gClár agus €8.8 milliún mar luach eacnamaíoch le haghaidh comhoibriú trasteorann faoi Fís 2020 ar éirigh leis ag an am sin.
- Rinneadh dréachtchlár PEACE IV agus INTERREG VA (2014-2020) a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh an 22 Meán Fómhair 2014, de réir an spriocdháta reachtúil. Rinneadh Clár INTERREG VA a ghlacadh go foirmiúil an 13 Feabhra 2015 agus táthar ag súil go seolfar glaonna go luath sa samhradh. Tá roinnt ceisteanna fós gan réiteach laistigh de Chlár PEACE IV agus tá pléítí ardleibhéil ag dul ar aghaidh idir na Ballstáit agus Coimisiún AE. Táthar ag súil go ndéanfar Clár PEACE IV a cheadú go luath agus go mbeidh sé ar oscailt le haghaidh glaonna níos déanaí sa bhliain.
- Ag an gCruinniú Sláinte agus Sábháilteachta Bia de chuid CATT i mí Aibreáin, 2015, thug an tOllamh Chris Elliott as Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, cur i láthair faoin topaic, “Sábháilteacht agus Inrianaitheacht Bia – Riachtanas Uile-Oileáin”, rud a thug léargas fiúntach do na hAirí ar an ábhar tábhachtach seo.
- D’fháiltigh na hAirí roimh na tuairiscí ar ghníomhaíochtaí Ghníomhaireacht na Lochanna maidir le Loch Feabhail agus Loch Cairlinn a chur chun cinn agus margáíocht a dhéanamh orthu, go háirithe forbairtí bonneagair le haghaidh fóillíocht mhara, gníomhaíochtaí for-rochtana agus pobail agus táirgí áitiúla bia mara a chur chun cinn.
- Tá dul chun cinn fós á dhéanamh maidir le foilsiú an tionscadail shuaitheanta foclóra Béarla-Gaeilge (www.focloir.ie). Beidh feidhmchlár don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge ar fáil go luath.
- Tá dul chun cinn fós á dhéanamh maidir le Clár Tionchair Pobail na hUltaise, a fadaíodh go ceann bliain eile tar éis measúnacht dhearfach a rinneadh air.
- I mí Feabhra, 2015, d’fhógair an tAire Heather Mhic Unfraidh gur ceadáíodh d’Uiscebhealaí Éireann athchóiriú a dhéanamh ar achar 2.5 km de Chanáil Uladh a shíníonn idir Ionad Gasógaíochta Idirnáisiúnta Chaisleán Shandarsan agus abhantrach na hÉirne, rud a bhfuiltear ag súil go gcosnóidh sé thart ar €2 mhilliún.
- Bliain iontach eile ba ea an bhliain seo caite ó thaobh na Turasóireachta de. Tháinig fás 3% bliain ar bhliain ar an líon cuairteoirí a tháinig go Tuaisceart Éireann ón gcoigríoch sa chéad naoi mí de 2014. Tháinig méadú 14% ar an líon cuairteoirí a tháinig go hÉirinn sa tréimhse, Eanáir 2015 - Márta 2015, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna trí mhí bliain roimhe sin.

21. Thug an Chomhairle dá haire freisin an ócáid roinnte eolais agus líonraithe, Glasbhealaí agus Gormbhealaí, a reáchtáil an Chomhrúnaíocht an 30 Aibreán 2015 agus ar éirigh go han-mhaith léi.

FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH THEAS

22. Thug na hAirí dá n-aire an cor reatha i dtaobh Fóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas.

CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO

23. D'fhaomh an Chomhairle sceideal de chruinnithe de chuid CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, lena n-áirítear Cruinniú Institiúideach de chuid CATT san Fhómhar, 2015 agus an chéad Chruinniú lomlánach eile de chuid CATT i mí na Samhna, 2015.

**An Chomhrúnaíocht
5 Meitheamh 2015**

IARSCRÍBHINN A

CRUINIÚ DE CHUID NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH – 5 MEITHEAMH 2015

Rialtas na hÉireann	Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann
Éanna Ó Coinnigh TD Taoiseach	Martin McGuinness MLA An LeasChéad-Aire
Siobhán de Bhurtúin TD Tánaiste agus Aire Coimirce Sóisialaí	Arlene Foster MLA Aire Airgeadais agus Pearsanra
Micheál Ó Nuanáin TD Aire Airgeadais	Mark Durkan MLA Aire Comhshaoil
Breandán Ó Húilín TD Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Stephen Farry MLA Aire Fostaíochta agus Foghlama
Proinséas Mhic Gearailt TD Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais	David Ford MLA Aire Dlí agus Cirt
Séamus Ó Raghallaigh TD Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	Simon Hamilton MLA Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialacha agus Sábháilteachta Poiblí
Leo Varadkar TD Aire Sláinte	Danny Kennedy MLA Aire Forbartha Réigiúnaí
Cathal Ó Flannagáin TD Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Carál Ní Chuilín MLA Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta
Alastar de Faoite TD Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	John O'Dowd MLA Aire Oideachais
Pascal Ó Donnchú TD Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	Mervyn Storey MLA Aire Forbartha Sóisialaí
Heather Mhic Unfraidh TD Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	Michelle McIlveen MLA Aire Sóisearach, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire
Tomás Ó hAodha TD Aire Stáit agus freagracht speisialta air maidir le Bia, Foraoiseacht, Gairneoireacht agus Sábháilteacht Bia	Jennifer McCann MLA Aire Sóisearach, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire
Seán Ó Searlóg TD Aire Stáit agus freagracht speisialta air maidir le Cúnamh Forbartha Thar Lear, Trádáil a Chur Chun Cinn agus Comhoibriú Thuaidh Theas	